Conradh na Gaeilge

# Tuairim

maidir le

## hIarratas Pleanála The Crescent Co. Ownership i mBóthar Bhaile an Mhóinín

Uimhir Phleanála: PL61.315598

(2291)

An Bord Pleanála

Feabhra 2023

Caoimhín Ó Cadhla,
Conradh na Gaeilge,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo Tuairim a chur faoi bhráid an Bhord Phleanála maidir le Cead Pleanála *The Crescent Co. Ownership* d'fhorbairt tithíochta i mBóthar Bhaile an Mhóinín faoin *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.*

Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge, go háirithe le limistéir Ghaeltachta faoina chúram. Is gá don Chomhairle cosaint, forbairt agus fás na teanga a bheith san áireamh acu le freastal ar phobal na Gaeilge i nGaeltacht na Gaillimhe.

## POBAL NA GAEILGE I MBEARNA AGUS CNOC NA CATHRACH

Tá Bóthar Bhaile an Mhóinín lonnaithe i Limistéar Pleanála Teanga Bhearna agus Chnoc na Cathrach. De réir Daonáirimh 2016 tá daonra de 11,696 i Limistéar Pleanála Teanga Bhearna agus Chnoc na Cathrach. As an daonra atá sa Limistéar, tá 6,271 in ann Gaeilge a labhairt, nó 53.6% den daonra (daoine thar 3 bliana d'aois). Tá an figiúr seo i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta, 39.8%. Tá 660 cainteoirí Gaeilge laethúla taobh amuigh den chóras oideachais sa Limistéar, (cainteoirí laethúla taobh amuigh den chóras oideachais amháin agus cainteoirí laethúla taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais san áireamh), nó 5.6% de dhaonra an an Limistéir.

## AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000

**1.** Foráiltear le halt 10 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt,* mar atá leasaithe*,* mar seo a leanas:

> *10.(1) I bplean forbartha, leagfar amach straitéis fhoriomlán do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inchothaithe limistéar an phlean forbartha agus is é a bheidh ann ráiteas i scríbhinn agus plean nó pleananna lena léireofar na cuspóirí forbartha don limistéar a bheidh i gceist.*
>
> *(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), folóidh plean forbartha cuspóirí maidir leis na nithe seo a leanas—*
>
> *(m)* ***oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail, i gcás ina mbeidh limistéar Gaeltachta i limistéar an phlean forbartha.***

- Ní fheictear do Chonradh na Gaeilge go bhfuil aon chuspóir i bPlean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2017 – 2023 chun oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint ó thaobh forbairt tithíochta de, cé go bhfuil dualgas reachtúil ar an gComhairle amhlaidh a bheith san áireamh.

**2.** Is féidir cead a dhiúltú nó coinníollacha a fhorchur chun oidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta a chosaint gan chúiteamh a íoc leis an iarratasóir:

> **(a)** Sa **Chúigiú Sceideal** den Acht, dar teideal 'Coinníollacha is féidir a Fhorchur, gan Cúiteamh a Íoc, ar Dheonú Ceada chun Talamh a Fhorbairt' luaitear mar choinníoll i bhfo-alt 8:
>
> *'Aon fhoráil a bhaineann le hoidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta a chosaint.'*

- Sa chinneadh a thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an iarratas seo ar an 13 Nollaig 2022, leagadh 21 coinníoll ar an gcead a tugadh don iarratas. Níor bhain oiread is ceann amháin acu le hoidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta a chosaint, cé go bhfuil dualgas reachtúil ar an gComhairle amhlaidh a dhéanamh de réir an Achta.

> **(b)** Sa **Cheathrú Sceideal** den Acht, dar teideal 'Cúiseanna le Cead a Dhiúltú nach mbeidh Cúiteamh Iníoctha ina leith' luaitear mar chúis dhiúltaithe i bhfo-alt 14:

*'Go ndéanfadh an fhorbairt bheartaithe dochar d'oidhreacht teanga nó chultúir na Gaeltachta.'*

- Os rud é nach bhfuil coinníoll teanga ar bith mar cheangal ar an gcead pleanála seo, is cinnte go ndéanfadh an fhorbairt bheartaithe dochar d'oidhreacht teanga nó chultúir an cheantair Ghaeltachta, Bearna agus Cnoc na Cathrach: níl measúnacht tionchar teanga ar fáil; níl céatadán cinnte aonad luaite a mbeadh Gaeilge ag teastáil lena n-aghaidh, agus; níl caighdeán Gaeilge inghlactha luaite.

- Molann Conradh na Gaeilge:

  **(i)** an cead pleanála a dheonaigh an Comhairle a chur ar ceal ar an mbonn go raibh sé míréasúnta, agus go sáraíonn sé an dualgas reachtúil atá ar an gComhairle 'oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail,' *nó*

  **(ii)** an cead pleanála a dheonú *ach* coinníollacha láidre a chinnteoidh go ndéanfar oidhreacht teanga agus chultúir na Gaeltachta a leagadh ar an gcead pleanála: féach Moltaí 1 – 4 thíos.

## MOLTAÍ I DTAOBH COINNÍOLLACHA AR CHEAD PLEANÁLA

1. Go mbeadh gá le measúnacht tionchar teanga neamhspleách i gcás gach aonad bheartaithe agus gach saghas forbartha beartaithe eile i gceantar Gaeltachta agus gur gá gur duine atá cáilithe go cuí a chuirfeadh le chéile í (.i. duine le cúlra nó cáilíocht sa phleanáil teanga nó sa tsochtheangeolaíocht) agus go gcruthódh an mheasúnacht sin go rachadh an fhorbairt sin chun socair na Gaeilge go háitiúil.
2. Teastaíonn srian ar aonad a dhíol ar aghaidh ach le cainteoir Gaeilge, srian a sheasfadh ar feadh 15 bliain ar a laghad agus a choiscfeadh an teach a ligean go fad téarmach (níos faide ná 3 mhí in aon bhliain amháin) ach amháin le cainteoirí Gaeilge.
3. Maidir le hinniúlacht sa teanga agus measúnacht tionchar teanga á déanamh, molaimid gur gá inniúlacht B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001) mar chaighdeán inghlactha.
4. Go gcuirfear céatadán faoi leith de na haonaid in áirithe do chainteoirí Gaeilge. Molann Conradh na Gaeilge 35% i limistéir Ghaeltachta sa Chatagóir C.